Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 27

# Comhar Idirnáisiúnta

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 27, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar Chúnamh Forbartha Oifigiúil ar leith, lena n-áirítear deontais ar leith agus ar ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta ar leith atá rannpháirteach i gcúnamh forbartha agus ar thuarastail agus caiteachais i ndáil leo sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €2.6 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas an méid seo a leanas:

***Dímheas***

Rinneadh dímheas ar fheithiclí de réir méid chothroim ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

Ní dhéantar na foirgnimh a dhímheas.

***Idirbhearta rátaí malairte***

Aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí inmhalartaithe go Euro ag an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm ag dáta an ghlanta. Ag leibhéal misin na tíre cláir, aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí neamh-inmhalartaithe go Euro ag ráta malartaithe an mhargaidh a bhíonn i bhfeidhm ag tús na míosa sin.

***Aisíocaíochtaí deontas***

Déantar aisíocaíochtaí deontais a maoiníodh ón gciste déthaobhach agus ón gciste cúnaimh daonnúil a aisíoc leis an gciste nuair a fhaightear iad.

***Sócmhainní** c**aipitil***

Tá an luach tugtha anonn maidir le talamh agus foirgnimh a áirítear sna sócmhainní caipitil bunaithe ar luachálacha a rinneadh in 2005 arna gcoigeartú ag:

- Feabhsúcháin ar thalamh agus ar fhoirgnimh ón mbliain 2005 a léirítear ag costas
- Talamh agus foirgnimh a fuarthas ón mbliain 2005 a léirítear ag costas chomh maith.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach ar thuairiscí thréimhsiúil airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás chonradh amháin dar luach €157,504 a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002. Níor lorgaíodh iarratais don chonradh ós rud é gur bronnadh an conradh ar an aon soláthróir amháin a bhí cáilithe lena aghaidh.

***Rioscaí Suntasacha Airgeadais***

Baineann rioscaí dúchasacha le cúnamh forbartha agus aithním na rioscaí sin agus déanaim iarracht iad a bhainistiú agus a mhaolú. Tá rialaithe láidre i bhfeidhm ag an gceannoifig, mar a leagtar amach thuas, agus cuireann na rialaithe seo a leanas leo sna Príomhthíortha atá i gComhpháirt linn mar atá leagtha amach thíos.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Timpeallacht Rialaithe Inmheánaigh a Fheabhsú***

Chomh maith leis na rialaithe atá i bhfeidhm ag an gceannoifig, tá na rialaithe seo a leanas i bhfeidhm sna Príomhthíortha atá i gComhpháirt chun na rioscaí dúchasacha i gcúnamh forbartha a mhaolú

- Chomh maith leis an Ambasadóir, tá Ceann Forbartha atá freagrach as an gclár cúnaimh a bhainistiú, ag gach Ambasáid.
- Tugann speisialtóirí forbartha agus comhairleoirí cláir, a earcaítear go háitiúil agus a bhíonn cáilíochtaí sna réimsí ábhartha acu, tacaíocht don Ambasadóir agus don Cheann Forbartha sna cláir mhóra.
- Tá próiseas ceadaithe agus pleanála láidir, ilbhliantúil ann do gach Clár Tíre, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar Chlár Straitéise Tíre (CST) a dhéanann an Grúpa Meastóireachta & Breithmheasa (PAEG) a cheadú agus a mheas; athbhreithniú lártéarma ar an gClár; agus meastóireacht deiridh ar an gClár nuair a thagann deireadh leis an téarma CST agus sula dtosaítear ag ullmhú an CST nua.
- Ina theannta sin tá próiseas pleanála gnó bliantúil láidir ar bun ag gach misean, lena n-áirítear measúnú ar rioscaí maidir le cur i bhfeidhm plean gnó agus tá rialaithe i bhfeidhm chun an riosca sin a bhainistiú. Déantar na pleananna agus cláir rioscaí sin a fhorbairt i gcomhar leis an gceannoifig agus déantar monatóireacht orthu agus iad a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil.
- Tá Feidhm Airgeadais ar bun go háitiúil ag gach ambasáid, faoi cheannas cheann airgeadais cuícháilithe a thuairiscíonn chuig an Ambasadóir agus chuig an Roinn Airgeadais sa cheannoifig.
- Tá lámhleabhar nósanna imeachta airgeadais i bhfeidhm ina leagtar amach na nósanna imeachta atá le leanúint i ndáil le gach íocaíocht, ag an gceannoifig agus ag na Príomhthíortha atá i gComhpháirt linn.
- Chomh maith leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh sa cheannoifig (an tAonad Iniúchta agus Meastóireachta), tá a fheidhm iniúchta inmheánaigh féin ag gach misean i dTír Chomhpháirtí, faoi cheannas chuntasóir cuícháilithe a thuairiscíonn go díreach chuig an Ambasadóir agus chuig an Aonad Iniúchta agus Meastóireachta.

Chomh maith leis sin, tá córais láidre pleanála gnó i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí sa cheannoifig i ndáil le cúnamh forbartha thar lear (lena n-áirítear maoiniú daonnúil, iltaobhach agus sochaí shibhialta), ina measc an buiséad foriomlán a cheadú ag Coiste Idir-rannach, monatóireacht ar chaiteachas ag Grúpa Bainistíochta Sinsearach ar bhonn míosúil agus Nósanna Imeachta láidre Bainistíochta Deontas roimh dháileadh na ndeontas agus ina dhiaidh.

Tá béim ar leith leagtha ar na córais bainistithe riosca a neartú ag leibhéal na hambasáide le fócas ar rioscaí agus rialaithe inmheánacha cuí a aithint maidir le gach gné dár gclár. Tá an córas bainistithe riosca deartha chun an bhainistíocht a chur ar an eolas maidir le hathraithe i bpróifíl riosca a bhraitear i ndáil le haon ghné den chlár ionas gur féidir gníomh cuí a ghlacadh a luaithe agus is féidir.

Forbraíodh Modh Caighdeánach le Bainistiú Deontais don chlár chabhrach agus ceadaíodh é ag an Grúpa Bainistíochta Sinsearach i 2017. Tá an caighdeán seo á rolla amach thar ceannáras an DCD agus na hambasáidí, agus ba chóir go cinntóidh sé leanúnachas i modhanna bainistíochta deontais ar fud an chláir.

Táim tiomanta a chinntiú go leanfaimid orainn ag neartú ár gcóras aitheanta agus bainistithe riosca agus go leanfar ag déanamh monatóireachta agus iniúchta leis an mbaol go mbainfí mí-úsáid as cistí amach anseo a íoslaghdú.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe um bhainistíocht seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do sholáthar acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla.

Ní mór dom bheith ag brath ar Litir Dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go gcleachtaítear na rialaithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

***Sócmhainní Caipitil***

Go stairiúil, soláthraíodh maoiniú caipitil chuig an Roinn trí Vóta 28, Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil agus níor soláthraíodh leithdháileadh ar leith caipitil do Vóta 27, Comhoibriú Idirnáisiúnta, go dtí 2002. Dá bharr sin cuireadh roinnt sócmhainní san áireamh sna Sócmhainní Seasta i Vóta 28, Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil, atá inchurtha i leith Vóta 27, Comhoibriú Idirnáisiúnta. Rinne an Roinn na sócmhainní sin a athbhreithniú in 2017, agus dá bharr sin, aistríodh sócmhainní a raibh glanluach leabhair €3.0 milliún ag dul leo chuig Vóta 27, Comhoibriú Idirnáisiúnta. Áiríodh ar na sócmhainní sin maoine a raibh glanluach leabhair €2.9 milliún ag dul leo i ndáil le Misin Addis Ababa, Dar Es Salaam, Lusaka agus Pretoria. Léirítear an coigeartú cuntasaíochta sin sna cuntais seo.

Chomh maith leis sin, léiríodh san athbhreithniú gur dearnadh luacháil ar mhaoine ar leith maidir le Vóta 27 in 2005. Níl an Roinn ábalta teacht ar na luachálacha 2005 sin i láthair na huaire, ach tá na maoine sin athluaite chuig an tsuim luachála, a bhí coigeartú €0.6 milliún mar thoradh air sin, mar atá leagtha amach i Nóta 2.2.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na riosca seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí I bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí don roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta (BB) go ráithiúil. Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus bronann sé feidhmiú rialaithe ar bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomhrioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha Airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2017, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Niall Burgess**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

18 Meán Fómhair 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Comhar Idirnáisiúnta agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2018

# Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta
# Cuntas Leithreasa 2017

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Chláir** | | | | |
| A | Obair ar an mbochtanas agus ar laghdú an ocrais | 486,614 | 484,280 | 484,822 |
| | **Ollchaiteachas** | **486,614** | **484,280** | **484,822** |
| | *Bain de* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,120** | **1,340** | **1,518** |
| | **Glanchaiteachas** | **485,494** | **482,940** | **483,304** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a luaitear le cois an ghlanmhéid fheidhmithe dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **2,554,142** | **1,977,290** |

**Niall Burgess**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

18 Meán Fómhair 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas chláir | | 458,314 | 458,315 |
| Pá | | 13,857 | 14,437 |
| Neamhphá | | 12,109 | 12,070 |
| **Ollchaiteachas** | | **484,280** | **484,822** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,340** | **1,518** |
| **Glanchaiteachas** | | **482,940** | **483,304** |
| | | | |
| **Athraithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (686) | | |
| Diúscairtí airgead tirim | 179 | | |
| Brabach ar dhiúscairtí | (175) | | |
| Dímheas | 400 | | |
| | | (282) | (322) |
| **Athraithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | 1,986 | | |
| Méadú i stoc | 3 | | |
| | | 1,989 | (1,093) |
| **Costas chláir ghlan** | | **484,647** | **481,899** |

Nochtar an caiteachas íoctha ar vótaí eile agus na measchíosanna gaolmhara don chlár seo i nóta 1 de Vóta 28 – An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **11,281** | **8,644** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 5,729 | 10,778 |
| Stoic pháipéarachais | | 61 | 64 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,282 | 3,212 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 120 | 65 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **7,192** | **14,119** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 202 | 146 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.4 | 244 | 686 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.5 | 892 | 587 |
| Ciste chúnamh déthaobhach agus chúnamh eile (deontas) | 7 | 4,713 | 9,570 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **6,051** | **10,989** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **1,141** | **3,130** |
| **Glansócmhainní** | | **12,422** | **11,774** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **12,422** | **11,774** |

### 2.1 Cuntas maoiniú stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 11,774 | 10,359 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 485,494 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (2,554) | | |
| Vóta glan | | | 482,940 | 483,304 |
| Sócmhainní aistrithe ó Vóta 28 | 2.2 | | 2,982 | |
| Coigeartú sócmhainní seasta | 2.2 | | (627) | |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (484,647) | (481,889) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | | | **12,422** | **11,774** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus Foirgnimh | Trealamh | Troscán agus Feistis | Feithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag1 Eanáir 2017 | 7,639 | 1,690 | 1,083 | 2,592 | 13,004 |
| Breiseanna | 513 | 57 | 50 | 66 | 686 |
| Diúscairtí | (4) | (10) | (8) | (357) | (379) |
| Aistriú ó Vóta 28[1] | 2,927 | 13 | 12 | 304 | 3,256 |
| Coigeartú[2] | (629) | (173) | (324) | 74 | (1,052) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 10,446 | 1,577 | 813 | 2,679 | 15,515 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag1 Eanáir 2017 | — | 1,406 | 1,002 | 1,952 | 4,360 |
| Dímheas don bhliain | — | 98 | 39 | 263 | 400 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (10) | (8) | (357) | (375) |
| Aistriú ó Vóta 28 | — | 13 | 8 | 253 | 274 |
| Coigeartuithe | — | (181) | (318) | 74 | (425) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2017 | — | 1,326 | 723 | 2,185 | 4,234 |
| **Glan-sócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **10,446** | **251** | **90** | **494** | **11,281** |
| Glan-sócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 7,639 | 284 | 81 | 640 | 8,644 |

[1]I rith na bliana, aistríodh sócmhainní seasta a raibh costas €3.26 milliún agus glanluach leabhair €2.98 milliún ag dul leo ó Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chuig Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta. Baineann siad le sócmhainní a bhíodh á maoiniú go stairiúil as Vóta 28, nó le sócmhainní a coinníodh ag misin atá á maoiniú anois ag Vóta 27.

[2] I rith na bliana, chuathas i mbun athbhreithniú inar aithníodh míreanna a raibh oll-luach €0.46 milliún agus glanluach leabhair NIL ag dul leo nach léiríonn sócmhainní na Roinne (e.g. deisiúcháin) nó a bhaineann le sócmhainní a deonaíodh/diúscraíodh. Ina theannta sin, rinneadh cúig mhaoin a athshonrú bunaithe ar luachálacha a rinneadh in 2005, agus bhí laghdú €0.59 milliún ar luach tugtha anonn na maoine mar thoradh air sin.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid PMG | 5,242 | 10,393 |
| Iarmhéid na gcuntas bainc tráchtála | 487 | 385 |
| | **5,729** | **10,778** |

## 2.4 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Suimeanna dlite don Stát | | |
| Cáin Shiarchoinneálach ar sheirbhísí ghairmiúla | 54 | 58 |
| Cáin Bhreisluacha | 1 | — |
| | 55 | 58 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 189 | 628 |
| | **244** | **686** |

## 2.5 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 2.554 | 1,977 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,662) | (1,390) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **892** | **587** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 5,729 | 10,778 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 120 | 65 |
| | 5,849 | 10,843 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (55) | (58) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (189) | (628) |
| Ciste chúnamh déthaobhach agus chúnamh eile (deontas) | (4,713) | (9,570) |
| | (4,957) | (10,256) |
| | **892** | **587** |

## 2.6 Ceangaltais

Is éard atá sa bhfigiúirí ceangaltais a luaitear thíos ná iomlán na suimeanna infhorfheidhmithe de réir dlí atá le híoc in 2018 agus baineann siad le híocaíochtaí cíosa maoine thar lear agus le ceangaltais riaracháin eile.

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear ceangaltais cíosa | 1,435 | 1,492 |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar an chaiteachas riaracháin don Vóta agus achoimre ar na fáthanna do athrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000).

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 15,099 | 13,857 | 14,437 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,800 | 1,651 | 1,514 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,800 | 1,644 | 1,654 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,650 | 1,148 | 1,369 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtaracha | 1,420 | 1,217 | 1,391 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 4,230 | 4,423 | 4,016 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 500 | 208 | 246 |
| viii | Tacaíocht maidir le cur chun cinn agus cóiríocht | 1,800 | 1,818 | 1,880 |
| | | **28,299** | **25,966** | **26,507** |

**Athrúcháin shuntasacha**

i *Tuarastail, pá agus liúntais*

Soláthar mheastacháin: €15.1 milliún, toradh: €13.9 milliún

Is mar gheall ar bhall foirne a bheith ag bogadh agus an fhoireann a tháinig ina n-áit ag tosú ar an bpointe iontrála den scála tuarastail a raibh tearc-chaitheamh €1.2 milliún i gceist maidir le tuarastail, pá agus liúntais.

*iv* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar mheastacháin: €1.6 milliún, toradh : €1.1 milliún

Is mar gheall ar airgead a shábháil ar chostais satailíte agus cumarsáide a raibh tearc-chaitheamh €0.5 milliún i gceist maidir le seirbhísí poist agus teileachumarsáide.

*vii* *Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe*

Soláthar mheastacháin: €0.5 milliún, toradh : €0.2 milliún

Is mar gheall ar riachtanais i ndáil le seirbhísí ginearálta comhairliúcháin a bheith níos ísle ná mar a bhí measta a raibh tearc-chaitheamh €0.3 milliún i gceist maidir le caiteachas ar sheirbhísí comhairliúcháin agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartas.

## Clár A Obair ar an mbochtanas agus ar laghdú an ocrais

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | 15,099 | 13,857 | 14,437 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 13,200 | 12,109 | 12,070 |
| A.3 | Comhoibriú déthaobhach agus cúnamh daonnúil | 368,854 | 367,854 | 381,148 |
| A.4 | Ranníocaíochtaí le cistí idirnáisiúnta chun leasa na dtíortha i mbéal forbartha | 52,651 | 53,200 | 40,257 |
| A.5 | Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus gníomhaireachtaí forbartha eile | 36,810 | 37,260 | 36,910 |
| | | **486,614** | **484,280** | **484,822** |

Rinneadh suimeanna áirithe sna figiúirí comparáideacha a athrangú chun teacht le hanailís na bliana reatha.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Leithreasaí-i-gcabhair | 450 | 846 | 981 |
| 2 | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 670 | 494 | 537 |
| | Iomlán | **1,120** | **1,340** | **1,518** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí leithreasaí-i-gcabhair €0.2m níos mó ná an meastachán.

Tá na míniúcháin leagtha amach thíos:

*1 Leithreasaí-i-gcabhair*

Soláthair mheastacháin: €0.4 milliún, toradh: €0.8 milliún

Bhí fáltais bhreise €0.4 milliún i gceist de bharr go raibh na táillí pas / consalachta, atá bunaithe ar éileamh, a bhí measta níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis agus mar gheall ar shócmhainní seasta a dhíol i ndiaidh cinneadh a dhéanamh feithiclí eile a chur in áit roinnt seanfheithiclí.

*2 Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí*

Soláthair an mheastacháin: €0.7 milliún, toradh: €0.5 milliún

Bhí easnamh €0.2 milliún i gceist de bharr go raibh costas pá níos ísle ná mar a bhí measta maidir le próifíl tuarastail na foirne ionaid.

## Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | **229** | **204** |

### 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 12,592 | 13,196 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 28 | 12 |
| Liúntais eile | 22 | 19 |
| Ragobair | 38 | 52 |
| ÁSPC an Fhostóra | 846 | 865 |
| Slándáil shóisialach eachtrach agus costais eile | 331 | 293 |
| **Pá Iomlán** | **13,857** | **14,437** |

Chomh maith leis sin, cuirtear costais na foirne slándála sna misin chun dochair costais shlándála faoi chostais theagmhasacha.

### 5.3 Liúntais agus íocaíochta ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair | Uasíocaíocht Aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2017 | 2016 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 4 | 1 | 10,941 | 4,143 |
| Liúntais eile | 11 | — | 5,004 | 5,627 |
| Ragobair | 21 | 1 | 12,191 | 10,398 |
| Lion na ndaoine a fuair luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 8 | 2 | 17,195 | 13,986 |

## 5.4 Luach saothair eile

Athfhostaíodh 4 státseirbhíseach a bhí ar scor agus iad ag fáil pinsin státseirbhíse ar bhonn táille, ag costas iomlán de €32,000.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €Nil ( 2016: €25,514 (10 gcás).

## Nóta 6 Míreanna Ilghnéitheacha

### 6.1 Ranníocaíochtaí do ghníomhaireachtaí Náisiún Aontaithe agus do ghníomhaireachtaí forbartha eile (A.5)

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (CFNA) | 7,750 | 7,750 |
| Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe (CLNA) | 7,200 | 7,500 |
| Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe (ACNAD) | 7,500 | 7,000 |
| Cláir na hEagraíochta Domhanda Sláinte (CEDS) | — | 300 |
| Ciste Dhaonra na Náisiún Aontaithe | 3,300 | 2,800 |
| Oifig Ard-Choimisinéara na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine | 2,138 | 2,008 |
| UNAIDS | 2,400 | 2,648 |
| Ciste Forbraíochta na Náisiún Aontaithe do Mhná (CFNAM) | 1,500 | 1,500 |
| Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na Náisiún Aontaithe | 471 | 412 |
| Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (GNAFO) | 4,000 | 4,000 |
| Ciste Iontaobhais UNEP | 247 | 169 |
| Deonaigh na Náisiún Aontaithe | 500 | 500 |
| Eile – ilghnéitheach | 254 | 323 |
| | **37,260** | **36,910** |

## Nóta 7 Cuntas maoinithe (deontas) dhéthaobhaigh agus maoinithe chomhoibrithe eile

Cuntas ar na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí le linn na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2017

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 9,570 | 5,037 |
| Deontas | 367,854 | 315,648 |
| | 377,424 | 320,685 |
| Caiteachas don bhliain | (374,616) | (313,266) |
| Méideanna a aisíocadh i rith na bliana | 1,905 | 2,151 |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **4,713** | **9,570** |

Ina theannta sin, ag 31 Nollaig 2017, bhí iarmhéideanna neamhchaite ar luach iomlán €1.4 milliún (2016: €1.2 million) á gcoimeád i gcuntais bhainc agus iad á rialú ag ambasáidí agus oifigí Chúnamh Éireann in aon tír déag.